# Matamaitic Airgeadais
# Gluais Téarmaí

| | |
|---|---|
| Ráta Céatadánach Bliantúil (APR) | An costas iomlán bliantúil a bhaineann le hairgead a fháil ar iasacht, arna shloinneadh mar chéatadán. Áirítear leis an ráta úis agus na táillí. Cuirtear san áireamh in APR go laghdaíonn iarmhéid na hiasachta le himeacht ama de réir mar a dhéanann an t-iasachtaí aisíocaíochtaí, mar sin gearrtar ús ar mhéid atá ag laghdú. |
| Ús Iolraithe | Ús is ea ús iolraithe a ríomhtar ar an bpríomhshuim móide an méid úis atá tuillte cheana féin. |
| Foirmle an Úis Iolraithe | $P \times (1+\frac{R}{100})^t$ P = Príomhshuim (an tsuim bhunaidh) R = ráta úis iolraithe (%) A = am (blianta) |
| Creidmheas | Airgead a fháil ar iasacht, nó earraí agus seirbhísí a fháil anois agus íoc astu níos déanaí. |
| Díolmhaithe ó CBL | Ní gá duit aon CBL (Cáin Bhreisluacha) a íoc. |
| Praghas Comhlán | An praghas iomlán a íocann tú as rud éigin, lena n-áirítear gach cáin (ar nós CBL) agus aon mhuirir bhreise. |
| Ráta Úis | An praghas a íocann tú as airgead a fháil ar iasacht. |
| Foirmle an úis | príomhshuim x ráta x am |
| Glanphraghas | Praghas rud éigin roimh cháin (ar nós CBL) agus cuirtear muirir bhreise leis. |
| Príomhshuim | An tsuim bhunaidh airgid a fhaigheann tú ar iasacht nó a infheistíonn tú, sula gcuirtear aon ús leis. |
| Ráta CBL Laghdaithe | Earraí agus seirbhísí a gcuirtear níos lú cánach lena bpraghas ná mar is gnách. |
| Ús Simplí | Ní ríomhtar ús ach ar an bpríomhshuim. |

CCPC
Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | Competition and Consumer Protection Commission